

❖ An Lúibín ❖

31 Iúil 2013

Liosta stairiúil lucht Gaeilge san Astráil

Ní gá a rá anois go bhfuil a stair féin ag an nGaeilge san Astráil, go háirithe ó d'fhoilsigh Val Noone an chéad staidéar fada ar an teanga in Victoria,¹ agus, roimhe sin, ó tháinig *Sounds Irish* ó láimh Dymphna Lonergan,² gan trácht ar an obair atá déanta ag a lán daoine eile. Ní raibh againn go dtí seo, afach, sraith beathaisnéisí gearra de dhaoine a raibh baint acu leis an teanga san Astráil agus eolas le fáil orthu i bhfoinsí éigin.

Tá tús curtha leis an obair sin anois ar Vicipéid le 'Liosta stairiúil lucht Gaeilge san Astráil'. Úsáidtear leaganacha Gaeilge na n-ainmneacha má tá fianaise ann gur leagan é a d'úsáidfeadh an duine féin ó am go chéile. Iomrá éigin le cuid de na daoine agus cuid eile gan iomrá ar bith, ach léargas iontu uile ar staid agus stair na teanga. Is gearr an liosta fós é, afach, agus tá súil againn go mbeidh sé i bhfad níos faide feasta. Bheadh fáilte roimh breis ban.

Ag seo na hainmneacha atá ann go dtí seo:

Bernard O'Dowd, Cáit Nic Innéirí (*Kate Kiniry, Kate O'Sullivan*), Edward Hayes, Eoghan Ó Riain, Fódhla Ní Chuileagáin (*Elizabeth Mary Quilligan*), Micheál Ó Síothcháin, Micheál Ó Tiománaidhe, Morgan Jageurs, Nioclás Ó Domhnaill, Pádraig Ó Braonáin, Pádraig Ó Fearghail, Patrick Geary, Patrick Smyth, Séamas Ó Duibhir, Sibéal Ní Mhearáin (*Bessy Marren*), Tomás Ó Cathaláin, William Smith O'Brien.

Féach :

http://ga.wikipedia.org/wiki/Liosta_stairi%C3%BAil_lucht_Gaeilge_san_Astr%C3%A1il



Foréigean agus comhréiteach: na Gael-Bhundúchasaigh

In New South Wales atá Galong ('seascainn' i dteanga Bhundúchasach na háite). Is ann a chuir an t-athdhaoránach Éamonn Ó Riain faoi sna 1820í. Rugadh an Rianach i gCluain Abhla i mBarúntacht Liam, Co. Thiobraid Árann, sa bhliain 1786, agus is beag amhras ná gur chainteoir Gaeilge é. Sa bhliain 1815 daoradh é féin agus trí fhear déag eile chun báis as eachtra a d'fhág beairic airm trí thine. Mar a tharla, duine amháin acu a chuaigh in araicis an ghaid: cuireadh an chuid eile (agus an Rianach ina measc) an loch amach. Bhain sé Sydney amach sa bhliain 1816 agus chuaigh ag obair mar sclábháir ar fheirmeacha an cheantair. D'ainneoin na bhfinscéalta, ní bhíodh saol a leithéidí thar a bheith crua mura mbídís domhúinte ar fad, agus bhí sé de bhuntáiste ag an Rianach go bhfuair sé comhairle a leasa (i nGaeilge nó i mBéarla) ó Shéamas Ó Míocháin, Éireannach a bhí ina mhaor ann.

I gceann naoi mbliana fuair an Rianach *ticket of leave* (cáipéis a cheadaigh dó dul amach ag obair dó féin de réir coinníollacha áirithe) agus chuaigh thar theorainn an limistéir áitrithe mar shuiteoir nó *squatter*. B'in an saol a d'oibríod: b'fhear gairbhéiseach é, graibéir i ndáiríre, agus bhí os cionn dhá chéad míle acra sealbhaithe aige faoin am ar tugadh teideal oifigiúil úinéireachta dó. Bhí sé flaithiúil riamh lena chairde, ach scéal eile ba ea na Bundúchasaigh. Ní raibh iarraidh air ina dtailtean agus ba ghearr go raibh sé in achrann leo. Ba thréimhse í

¹ Noone, Val (2012). *Hidden Ireland in Victoria*. Ballarat Heritage Services. ISBN: 978-1-876478-83-4

² Lonergan, Dymphna (2004). *Sounds Irish*. Lythrum Press. ISBN : 1-921013-00-1

inar maraíodh a lán, agus ba Bhundúchasaigh a bhformhór: bhí baint ag an Rianach le sealbhú míthrócaireach. Ní raibh sé thíos leis: lean a bhean chéile agus a chlann é sa bhliain 1847, thóg sé teach mór, tharraing sé an mheasúlacht air féin agus cailleadh é sa bhliain 1871 faoi ghradam mar dhuine de na seanfhundúirí. Bhí a teastas saoirse ina vallait aige riamh; ní deirtí faic faoin gcogadh úd a d'fhág a chuid maoinne aige.³

Bhí taobh eile den scéal feicthe ag Aindriú Eaton. B'fhear déanta tairní ('nailer') é agus ní raibh léamh ná scríobh aige. I gCill Áirne a rugadh é agus sa bhliain 1835 cuireadh an loch amach é go ceann ceithre bliana déag as mí-úsáid gunna. Ar nós an Rianaigh, is beag amhras ná go raibh Gaeilge aige. Bhí sé timpeall trí bliana is fiche ag an am agus d'fhág sé bean agus iníon óg ina dhiaidh. Faoin mbliain 1837 bhí sé ina fhear botháin ar theorainn iarthuaidh New South Wales agus é mór le Bundúchasaigh na háite. Bhí marú ar siúl ach ní raibh sé páirteach ann: thug sé dídean do na Bundúchasaigh agus chuidigh leo na mairbh a chur.⁴ Cén difríocht a bhí idir é agus an Rianach? Thuig sé siúd an tsaint agus an tairbhe a leanfadh é; thar aon rud eile, thapaigh sé an deis. Níl a fhios againn cad a tharla d'Eaton, cén rath nó mírath a bhí i ndán dó, ach thuig sé rud nár thuig an fear eile – gur dhaoine dá leithéid féin iad na Bundúchasaigh. Ní féidir a rá gurbh 'Éireannaí' duine acu ná an duine eile.

Scéal é atá pléite ag a lán. Dúirt Patrick O'Farrell go raibh claonadh ag na hÉireannaigh chun réiteach go maith leis na Bundúchasaigh; ach deir Ann McGrath gur ceart a bheith amhrasach faoi seo.⁵

How does one assess benevolence versus malevolence on the frontier? Possibly a scholar could revisit massacre statistics and try to research proportionately how many murders were committed by Irishmen and women, but due to the nature of the sources, this would be highly problematic, if not impossible. Furthermore, the intimate, often hidden sphere of sexual and familial relations is frequently missing from the archival record.

Mar sin féin, mar a deir sí, bhí droch-chlú ar roinnt daoránach Éireannach. Go luath sa 19ú haois thug Lancelot Threlkold (comhalta den London Missionary Society) cuntas ar an drochíde uafásach a thug 'croppies' (daoránaigh a d'éalaigh ina meirlich) do Bhundúchasaigh. Os a choinne sin, is minic a chuimhnigh Éireannaigh orthu féin mar dhaoine a d'fhulaing ansmacht na Breataine, rud a lig dóibh cuimhneamh ar na Bundúchasaigh ar an dóigh sin freisin – fiú (mar a deir McGrath) má bhí siad i gcochall a chéile ina dhiaidh sin i ngeall ar an tír chéanna agus na mná céanna. Bhí Éireannaigh le fáil i measc na bpóilíní, na suiteoirí agus eile a thug bail nimhneach ar Bhundúchasaigh, agus bhí a lán Éireannach agus daoine de shliocht Éireannach ar na póilíní a d'fhuadaigh páistí Bundúchasacha de shliocht measctha.

Is aisteach an rud é go bhfuil claonadh ag Bundúchasaigh féin (más fíor!) cuimhneamh ar iompar na nÉireannach go carthanach. Is fearr le Bundúchasaigh de shliocht measctha an chuid Ghaelach ná an chuid Shasanach dá dtaobh Eorpach. Cuireann McGrath i gcuimhne dúinn gur iompaigh cuid de na hÉireannaigh ina mBundúchasaigh de bharr an mheascáin seo. Saghas comhréitigh é a chuireann ar chumas na nAstrálach an leatrom a úsáid mar léiriú ar stair chomhchoiteann nó mar leithscéal chun géire na staire sin a mhaolú.



Ó Cearbhalláin agus an seansaol

Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin (1670 – 25 Márta 1738): cláirseoir agus cumadóir ceoil, fear meidhreach taghdach éirimiúil, fear a shiúladh na bóithre pludacha ó theach tábhairne go teach mór: fear a raibh scoth na Gaeilge aige ach arbh annamh ina fhíorfhíle é. É de chlú anois air gur tháinig sé faoi thionchar cheol Eorpach na n-uasal: 'Vivaldi charmed him and with Corelli he was enraptured,' mar a dúirt a chara Cathal Ó Conchúir, agus deirtí gur bhuaill sé leis an gcumadóir Francesco Geminiani, Iodálach a thug dúshlán bháisteach Bhaile Átha Cliath.

3

Tá a mhalaírt de thuairisc ag Bearnaí Ó Doibhlin in *Beo* (www.beo.ie), Eagrán 146, Meitheamh 2013: 'An Daoránach Éireannach Ned Ryan'.

⁴ Féach Alan Atkinson, *The Europeans in Australia* (vol. 2, OUP 2004), lch 153.

⁵ Ann McGrath, 'Shamrock Aborigines: the Irish, the Aboriginal Australians and their children,' *Aboriginal History*, Vol. 34, 2010: <http://epress.anu.edu.au/apps/bookworm/view/Aboriginal+History+Volume+34,+2010/5611/ch03.xhtml>

Rinne sé rud Éireannach den earra eachtrannach agus é ina nasc, mar sin, idir an sean agus an nua. Leis an nua is mó a luaitear anois é. Cuimhnimis, áfach, ar an sean.

An chláirseach féin, ar dtús: uirlis ardcheannach de shaghas a bhí coitianta faoin mbliain 1700. Coim mhór théagartha aici a bhí déanta d'adhmaid sailí. Téada práis inti a tharraingeofa leis na hingne chun fíorbhinneas a bhaint astu. An lámh chlé ag seinm an tribil, an lámh dheas ar an dord. Uirlis fhíordheacair agus modhanna ársa seanma dá cuid féin aici nach bhfaighfeá máistreacht orthu murar thug tú fúthu i dtús d'óige. Ba í an chláirseach seo a dhaingnigh an Cearbhallánach sa seansaol – an chuma a bhí uirthi, na sean-nósanna seanma a bhain léi, an ceol sinseartha a tháinig anuas tríthi agus a bhí ar eolas ag an gCearbhallánach féin.

Más as an seansaol a fáisceadh an cláirseoir seo, saol eile a bhí roimhe: é ag siúl na tíre agus gan phátrún seanbhunaithe aige, eolas aige ar chathair leath-Sheoirseach Bhaile Átha Cliath, aithne aige (más fíor) ar Jonathan géarintinneach Swift, aithne aige freisin ar mhionuaisle leathléannta Protastúnacha na tuaithe. Bhí an Ghaeilge i réim go fóill sa saol sin (bhí sí ag na mionuaisle féin).

Níor mhórchumadóir é an Cearbhallánach ach bhí sé thar a bheith bisiúil: b'fhéidir go bhfuil leath a shaothair caillte anois. An méid a mhaireann tá binneas ann nach furasta a shárú agus rian na seanstíle air ó am go chéile. Ba í an bhisiúlacht sin a mhórbhua, in éineacht leis an gcaoi ar fhéad sé glacadh chuige féin an ceol ba nua agus crot dúchasach a fhágail air. D'aithin sé féin agus an aois nua a chéile agus chuaigh i gcaidreamh le chéile.

Mhair taise an tseansaol ina dhiaidh agus bhí ainm ar an taise sin: Donnchadh Ó hAmhsaigh, cláirseoir a bhí céad is dhá bhliain déag nuair a cailleadh é sa bhliain 1807. Bhí aithne aige ar an gCearbhallánach tráth ach níor bhinn leis an ceol nua-aimseartha; chloígh sé le ceol uasal na seanré agus (murab ionann is an Cearbhallánach) bhí sé thar barr á sheinm. Dúirt sé é féin go raibh an ceol sin 'deacair'. Tá cuid den cheol a thug sé don bhailitheoir Edward Bunting chomh coimhthíoch sin gur dhóigh leat gur ó shaol eile ar fad a d'éascair sé; agus bheadh an ceart agat.

Níor fhéad an Cearbhallánach an oiliúint a fuair sé a shéanadh, agus tá cuid den fhianaise le fáil (más fíor don scoláire Gráinne Yeats) i smut de sheanleabhar a chuir mac Uí Chearbhalláin agus beirt eile amach sa bhliain 1748 agus roinnt fonn de chuid mo dhuine ann. Tá dord aonlíneach ann agus é ag gluaiseacht an t-am ar fad: é ina ochtaigh leis an tribil, ag teacht roimh an líne shéise nó á leanúint: cóiriú nach n-oirfeadh don chruit atá anois ann. Má tá údarás leis an bhfoilseachán seo, tá guth ann a labhraíonn i gcanúint aimhréidh na sinsear.

D'fhill an Cearbhallánach faoi dheireadh ar an seansaol úd a sheol amach ar an mbóthar é. 'Tháinig mé anseo tar éis a ndeachas tríd chun bás a fháil sa bhaile faoi dheireadh, mar a bhfuairéas an chéad fhoghlaim agus an chéad ghearrán,' a dúirt sé lena chéad phátrún, Máire Bean Mhic Dhiarmada Rua, i mBéal Átha Fearnáin. Bás, tórramh fada agus adhlacadh: i gCill Rónáin, Contae na hIarmhí, a cuireadh é, agus deir Bunting go mbíodh a chloigeann i dtaisce i gcua balla. Mhair cuid dár chum sé i gceol na ndaoine; chuaigh cuid den dúchas sinseartha i gcré leis.

* Bunting, Edward (1840). *The Ancient Music of Ireland*. Dublin: Hodges and Smith:

[http://imslp.org/wiki/The_Ancient_Music_of_Ireland_\(Bunting,_Edward\)](http://imslp.org/wiki/The_Ancient_Music_of_Ireland_(Bunting,_Edward)).

* Rimmer, Joan (1969, 1977, 1984). *The Irish Harp: Cláirseach na hÉireann*. The Mercier Press.

* Yeats, Gráinne (1980). *Féile na gCruitirí, Béal Feirste/The Belfast Harpers' Festival 1972*. Gael Linn.

* O'Sullivan, Donal (2001, eagrán nua). *Carolan: The Life, Times and Music of an Irish Harper*. Ossian Publications Limited.



Fuarú beag, téamh gan stad

I seachtóidí an fichiú haois bhí daoine á rá go mb'fhéidir go raibh an domhan agus an t-atmaisféar ar tí fuarú, rud a tharraingeodh oighearshruthú forleathan. Níor chreid formhór na n-eolaithe gur mar sin a bhí an scéal: shíl siad ansin féin go raibh téamh ar siúl de bharr gáis cheaptha teasa. Bhí fuarú beag ann (ach amháin sa leathsféar deisceartach) idir na daichidí agus na seachtóidí; meastar anois nach fuarú buan a bhí i gceist ach go bhfuil téamh ar siúl ó thús an fichiú haois.

Cad is cúis le fuarú sin an Domhain, más beag mór é? Méadaíonn úsáid breosla iontaise agus mí-úsáid talún uimhir na míriní (*aerasóil*) san atmaisféar: dá bhrí sin tagann méadú ar *ailbéadacht* (frichaiteacht) an atmaisféir i dtreo nach mbaineann a oiread de sholas na gréine an Domhan amach. (Déanann scamail an rud céanna, ach níl an ghnáth-ailbéadacht níos mó ná 35%, de réir na háite.) Tá cúis eile ann: *brú fithiseach*. Seo ainm a thugtar ar athruithe malla rialta ar an gclaonadh atá ag ais an Domhain agus ar a fhithis (i.e. a chúrsa). Meastar gurb é seo an rud is cúis le timthriallta (teacht rialta) na n-oighearaoiseanna.

I ndáiríre, tá téamh 0.8 °C nó thart air sin tagtha ar mheánteocht an Domhain ón gcéad chuid den 20ú haois, agus tharla an chuid is mó de sin ó na hochtóidí i leith. Is beag amhras ná gurb iad na gáis cheaptha teasa is bun leis.

An tAntartach

Taispeánann an taighde is déanaí go bhfuil oighear samhraidh ag leá níos tapa ar an leithinis Antartach (an chuid den Antartach is gaire do Mheiriceá Theas) anois ná mar a tharla le míle bliain anuas. Tá fianaise i gcroíleacán oighir faoi thréimhsí ar léaigh an t-oighear agus ar reoigh arís: tomhaiseadh tiús na sraitheanna seo, rud a léirigh athruithe teochta. 600 bliain ó shin bhíodh timpeall 0.5% den titim bhliantúil sneachta ag leá agus ag athreo: anois bíonn 5% ag leá gach bliain, agus thosaigh an chuid is mó den leá seo san aois seo caite. Tá a oiread teasa san leithinis anois go dtarraingíonn méadú beag teochta leá mór samhraidh.

Tá an t-oighear ag tanú san Antartach Thiar freisin, ach ní féidir a rá faoi láthair gur gáis cheaptha teasa is cúis leis. Ní dóichí rud, áfach, ná gurb iad na gáis sin is cúis le leá mór an oighir sa leithinis féin.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leagan simplithe

Foréigean agus comhréiteach: na Gael-Bhundúchasaigh

Tá Galong le fáil in New South Wales agus chuir an t-athdhaoránach⁶ Éamonn Ó Riain faoi⁷ i bhfichidí an naoú haois déag. Rugadh Ó Riain i gContae Thiobraid Árann sa bhliain 1786, agus is dócha go raibh Gaeilge aige. Cuireadh an loch amach é⁸ de bharr scliúchais in Éirinn agus chuaigh ag obair ar fheirmeacha in aice le Sydney. Fuair sé *ticket of leave* (cáipéis a cheadaigh dó dul amach ag obair dó féin de réir coinníollacha áirithe) agus chuaigh thar theorainn na coilíneachta mar shuiteoir nó *squatter*. B'fhear garbh amplach é ar shlite éigin agus an-fhlaithiúil ar shlite eile. Tháinig sé i seilbh⁹ na mílte acra ach ba ghearr go raibh sé in achrann¹⁰ leis na Bundúchasaigh.¹¹ Bhí baint aige le sealbhú míthrócaireach a dtailte, ós minic a bhí cogadh ar siúl idir na coilínigh agus na Bundúchasaigh ag an am. Thóg sé teach mór agus d'éirigh sé an-mheasúil.

Bhí taobh eile den scéal feicthe ag Aindriú Eaton. B'fhear déanta tairní ('nailer') é agus i gCill Áirne a rugadh é. Is dócha, mar sin, go raibh Gaeilge aige. Sa bhliain 1835 cuireadh an loch amach é. Faoi mbliain 1837 bhí sé ag obair in New South Wales agus é mór le¹² Bundúchasaigh na háite. Bhí marú ar siúl ach ní raibh sé páirteach ann: thug sé dídean do na Bundúchasaigh agus chuidigh leo na mairbh a chur. Cén difríocht a bhí idir é agus an Rianach? Thuig Eaton gur dhaoine mar eisean iad na Bundúchasaigh. Ní féidir a rá, áfach, go raibh Eaton níos 'Éireannaí' ná Ó Riain.

Dúirt an staraí cáiliúil Patrick O'Farrell go raibh claonadh¹³ ag na hÉireannaigh chun réiteach go maith leis na Bundúchasaigh. Deir staraí eile, Ann McGrath, gur ceart a bheith amhrasach faoi seo. Bhí droch-chlú ar roinnt daoránach Éireannach de bharr na drochíde¹⁴ a thug siad do na Bundúchasaigh. Ach is minic a chuimhnigh Éireannaigh orthu féin¹⁵ mar dhaoine a d'fhulaing ansmacht na Breataine. Dá bhrí sin b'fhéidir leo cuimhneamh ar na Bundúchasaigh ar an dóigh chéanna, fiú má bhí siad i gcochall a chéile¹⁶ ina dhiaidh sin i ngeall ar an tír chéanna agus na mná céanna. Bhí Éireannaigh le fáil i measc na bpóilíní, na suiteoirí agus daoine eile a thug drochíde do Bhundúchasaigh.

Tá claonadh ag Bundúchasaigh féin cuimhneamh ar iompar na nÉireannach go carthanach. Is fearr le Bundúchasaigh de shliocht measctha¹⁷ an chuid Ghaelach ná an chuid Shasanach dá dtaobh Eorpach.¹⁸ Cuireann McGrath i gcuimhne dúinn gur iompaigh¹⁹ cuid de na hÉireannaigh ina mBundúchasaigh de bharr an mheascáin seo. Tugann sé seo léiriú ar stair chomhchoiteann²⁰ agus ligeann sé do dhaoine géire na staire sin a mhaolú.

⁶ Athdhaoránach – ex-convict

⁷ Chuir (sé) faoi – he settled

⁸ Cuireadh an loch amach é – he was transported

⁹ I seilbh – in possession

¹⁰ In achrann – in conflict

¹¹ Na Bundúchasaigh – the Aborigines

¹² Mór le –friendly with

¹³ Claonadh – tendency

¹⁴ Drochíde – ill-treatment

¹⁵ Chuimhnigh Éireannaigh orthu féin – Irish people thought of themselves (as)

¹⁶ I gcochall a chéile – at odds

¹⁷ De shliocht measctha – of mixed descent

¹⁸ Dá dtaobh Eorpach – of their European side

¹⁹ Iompaigh (i) – change (into)

²⁰ Comhchoiteann - collective